Plean maidir le Ceacht Tíreolaíochta Sraithe Sóisearaí Athrú Aeráide

Nasc curaclaim

CUID A: Gnáthóg dhaonna – próisis agus athrú. Aonad A2 – an t-atmaisféar míshocair, an t-inneall téite, tús eolais ar athrú aeráide.

Eochairsmaoineamh

Is féidir cúiseanna áitiúla a bheith le hathrú aeráide agus iarmhairtí domhanda a bheith leis.

Torthaí foghlama

Ba chóir go mbeadh daltaí in ann:

- Míniú a thabhairt ar na príomhchúiseanna a bhaineann le hathrú aeráide.
- Na nithe is mó a chuireann leis an bhfadhb in Éirinn a aithint.
- Iarmhairtí áitiúla agus iarmhairtí domhanda den athrú aeráide a aithint.
- Bealaí a aithint inar féidir linne, mar dhaoine aonair agus mar náisiún, astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú.

Gearrthóga Eco Eye – Athrú aeráide

Éire agus athrú aeráide – tús eolais

Gearrthóg í seo ina gcuirtear athrú aeráide i láthair mar thoipic, idir chúiseanna agus iarmhairtí, agus cad tá á bheartú ag Éirinn chun dul i ngleic leis an bhfadhb.

Iarmhairtí domhanda den athrú aeráide

Tugaimid súil anseo ar iarmhairtí den athrú aeráide in áiteanna éagsúla ar fud an domhain atá thíos go mór dá bharr, an Bhanglaidéis, mar shampla. Is léir gurb iad na tíortha bochta is lú atá freagrach as astuithe is mó a bheidh thíos leis an athrú aeráide.

Iarmhairtí áitiúla den athrú aeráide – Áth Cliath a chosaint ar bhaol tuilte

Sa ghearrthóg seo cloisimid faoin dóigh ina bhfuil athrú aeráide ag dul i gcion ar an aimsir in Éirinn, tugaimid súil ar na hiarmhairtí ar an leibhéal áitiúil i mBaile Átha Cliath (tuilte sa Phort Thoir agus sa Rinn) agus cloisimid tuilleadh faoi na bearta atá á nglacadh chun an chathair a chosaint in aghaidh tuilte amach anseo.

Breathnaigh ar na gearrthóga agus comhlánaigh na cleachtaí tuisceana.

Tuiscint

Gearrthóg 1 – Éire agus athrú aeráide – tús eolais

1. An mó tonna de gháis cheaptha teasa a chuirimid amach in Éirinn in aghaidh na bliana?

_____

2. An mó balún a líonfadh sé sin in aghaidh an duine?

_____

3. Luaigh cúig bhealach ina dtairgimid na gáis sin

1._____

2._____

3._____

4._____

5._____

4. Cén fáth nach féidir athrú aeráide a sheachaint?

_____

5. Cén teachtaireacht don domhan a bhí a tuarascáil a d'eisigh an Painéal Idir-Rialtasach?

_____

_____

6. Cad a bhí mar theachtaireacht lárnach i dTuarascáil Stern?

_____

_____

7.Cad iad na hiarmhairtí domhanda den téamh domhanda a luaigh Duncan:

1. Ganntanais uisce
2._____
3._____
4._____
5._____

8. I gcás nach ndéanfaimid rud ar bith chun athrú aeráide a mhoilliú, is féidir linn a bheith ag súil le teocht _____ níos airde faoi dheireadh na haoise seo.

9. Mínigh i do chuid focal féin conas a tharla gur shroicheamar an staid seo. Cad é an botún a rinneamar?

_____

_____

_____

_____

10. Conas atá Éire ag feidhmiú anois, ó thaobh astuithe gáis cheaptha teasa de?

_____

_____

_____

_____

11. Luaigh trí réimse arbh fhéidir laghdú suntasach a dhéanamh maidir le gáis cheaptha teasa.

1._____

2._____

3._____

12. Cé na hacmhainní aiceanta ar cheart dúinn iad a fhorbairt chun ár n-astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú?

_____

Tuiscint

Gearrthóg 2 – Iarmhairtí domhanda den athrú aeráide

1. Cad is “pointe cinniúnach domhanda” ann?

_____

_____

2. Cad iad na tosca a luadh san fhíseán a chuireann tuilleadh gás isteach san atmaisféar?

_____

_____

_____

_____

3. Tá oighear an Artaigh á leá. Cad is iarmhairt don oighear ar a chúlú dó?

_____

_____

_____

_____

4. Cén fáth gur cheart dúinn imní a bheith orainn faoin talamh shíorshioctha a bheith á leá?

_____

_____

_____

_____

5. Comhlánaigh an abairt. Má scaoiltear amach na gáis shíorshioctha...

_____

_____

_____

_____

6. Tá stóras mór carbóin san aigéan. Cad atá ag tarlú do cheimic an aigéin agus cén tionchar a imríonn sé sin ar an bhfiadhúlra?

_____

_____

_____

7. Cén tionchar a d'fhéadfadh sé sin a imirt ar Fhoraois Bháistí na hAmasóine?

_____

_____

_____

8. Ní rud ssa todhchaí athrú aeráide, ach rud atá ann anois. Cén tionchar a bheidh ag an téamh domhanda orainne?

_____

_____

_____

9. Ciallóidh athrú aeráide sa Domhan i mBéal Forbartha…

_____

_____

_____

10. Cén praghas atá á íoc cheana féin ag an Domhan i mBéal Forbartha as ucht ár stíle maireachtála? Tabhair samplaí:

_____

_____

_____

11. Cad a tharlóidh do dhaonra an domhain má ligimid don teocht éirí ró-ard?

_____

_____

_____

Tuiscint

Gearrthóg 3 – Iarmhairtí áitiúla den athrú aeráide – Áth Cliath a chosaint ar bhaol tuilte

1. D'fhulaing Éire tuilte millte le blianta beaga anuas (Baile Átha Cliath i 2002 agus Deisceart agus Iarthar tíre i 2009). Cén t-athrú a tháinig ar ár bpatrún báistí?

_____

_____

_____

2. Cén t-athrú a tháinig ar na haigéin?

_____

_____

_____

3. Borradh stoirme agus taoide ard in éineacht le báisteach throm a thug ann don Perfect S_____ ("spéirling den scoth" as Gaeilge).

4. Déan cur síos ar an dochar a rinneadh do cheantar an Phoirt Thoir i mBaile Átha Cliath.

_____

_____

_____

5. Cé na córais réamhrabhaidh atá in áit anois?

_____

_____

_____

6. Cén fáth go gcaithfimid athmhachnamh a dhéanamh ar ionaid chun tógála agus cónaithe dúinn féin amach anseo?

_____

_____

_____

7. Tá Áth Cliath suite ar thuilemhá trí mhóraibhneacha.

An eol duit ainmneacha na n-aibhneacha sin?

1. _____

2. _____

3. _____

8. Cad is “báisteach arrachtach” ann?

_____

_____

_____

9. Conas is féidir linn tionchar na “báistí arrachtaí” a mhaolú?

_____

_____

_____

10. Déan cur síos ar an ról a imríonn Cosaint Shibhialta:

_____

_____

_____

Fairsingiú Gníomhaíochtaí

Obair TF

- Logáil isteach ar an idirlíon chun do lorg coise carbóin a ríomh ar http://cmt.epa.ie/en/calculator/ nó gúgláil “lorg coise carbóin”.
- Luaigh cúig bhealach inar féidir leat do lorg coise carbóin a laghdú.
- Luaigh cúig bhealach inar féidir le hÉirinn mar thír ár lorg coise carbóin a laghdú.

Obair i ngrupaí 1- Meabhairmhapa

Scríobhtar téama an cheachta, Athrú Aeráide, i lár leathanach mór páipéir. Cruthaíonn na daltaí meabhairmhapa as a bhfuil foghlamtha acu, trí eolas eile a chur isteach; ansin is féidir leo an t-eolas a rangú agus fo-aicmí a aithint ar gach “craobh” den mheabhairmhapa, mar shampla, cúiseanna, iarmhairtí agus réitigh maidir le hathrú aeráide.

Obair i ngrupaí 2

Tagann péirí daltaí ar chomhaontú eatarthu féin maidir le cúig rud a d’fhoghlaim siad le linn an cheachta nó tiomsaíonn cúig cheist ar mhaith leo freagraí a fháil ina leith nó a dhéanfadh a dtuiscint ar an ábhar a thástáil.

Obair aonair

Caithfidh tú litir a scríobh chugat féin sa lá inniu, ag míniú cén tionchar a d’imir athrú aeráide ar do shaol féin sa todhchaí. Caithfidh tú alt a scríobh faoi gach ábhar ar an liosta thíos. Ba cheart duit ransú smaointe mar atá thíos a dhéanamh roimh luí isteach ar do litir a scríobh.

Litir ón thodchaí...

- Aimsir agus aeráid

- Ioncam
- Teach cónaithe
- Bia
- Imeachtaí idirnáisiúnta
- Tionchar imshaoil níos leithne
- Sláinte

Obair le léarscáileanna

Ag obair i bpéirí

- Logáil isteach ar http://maps.scoilnet.ie/
- Oscail léarscáil stairiúil 1830 agus léarscáil OSI 1:50,000 agus aimsigh na ceantair sin de Bhaile Átha Cliath a raibh tuilte iontu, mar shampla, an Port Thoir agus an Rinn.
- Cuir an fhorbairt sna 1830í i gcomparáid leis an aerghrianghraf reatha agus léarscáil OSI 1:50,000. Féach leis an airde os cionn mara a aithint ar fhianaise na línte comhrianta.

Rangú

Déanann na daltaí machnamh ar an gceacht agus úsáideann “post-its” chun na nithe a d’fhoghlaim siad a scríobh. Déantar iad a chur ar taispeáint in éineacht agus ansin iad a rangú.